



An Bhruiséal, 29.1.2024  
COM(2024) 49 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS  
CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**Meastóireacht *ex post* ar Fhís 2020, clár réime an Aontais um thaighde agus um  
nuálaíocht**

{SEC(2024) 52 final} - {SWD(2024) 29 final} - {SWD(2024) 30 final}

# TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

## Meastóireacht *ex post* ar Fhís 2020, clár réime an Aontais um thaighde agus um nuálaíocht

### 1. RÉAMHRÁ

Ó bhí 1984 ann, tá infheistíocht déanta ag an Eoraip i dtaighde agus nuálaíocht (T&N) chun buntáiste iomaíoch, athléimneacht agus neamhspleáchas teicneolaíochta a thabhairt don mhór-roinn. Ba mhórtionscnamh é Fhís 2020, an t-ochtú clár réime de chuid an Aontais maidir le T&N, chun an infheistíocht fhadtéarmach seo a threisiú. Idir 2014 agus 2020, tugadh buiséad EUR 75,6 billiún dó.

Is é is aidhm don tuarascáil seo torthaí na meastóireachta deiridh<sup>1</sup> ar Fhís 2020 a chur i láthair, ag tógáil ar an meastóireacht eatramhach a rinneadh in 2017.

Ba é príomh-mhisean Fhís 2020 fás eacnamaíoch a thiomáint agus poist a chruthú trí T&N a shineirgiú agus béim láidir a chur ar eolaíocht den scoth, ar cheannaireacht thionsclaíoch agus ar dhul i ngleic le dúshlán shochoaíoch. Tháinig an-suim sa chlár, agus mheall sé breis agus 1 mhilliún iarratas aonair ó 177 dtír i gcaitheamh 7 mbliana. Chistigh sé beagnach 35 000 tionscadal a raibh baint ag 40 000 eagraíocht leo. Mar gheall ar an raon fairsing sin, bheadh EUR 159 mbilliún breise ag teastáil chun na tograí ardcháilíochta uile a cuireadh isteach a chistiú.

Scrúdaítear sa mheastóireacht seo na tionchair a bheidh ag Fhís 2020. Déantar measúnú inti freisin ar éifeachtúlacht an chláir, ar a chomhleanúnachas le tionscnaimh eile, ar a ábharthacht do riachtanais na sochaí agus ar an mbreisluach foriomlán a sholáthraíonn sé don Aontas.

Tá corpas fairsing fianaise mar bhonn taca faoin meastóireacht, lena n-áirítear:

- (i) os cionn 1 000 agallamh le tairbhíthe, le húdaráis náisiúnta agus le comhlachtaí cur chun feidhme;
- (ii) suirbhé lena n-áirítear iarratasóirí ar éirigh leo agus iarratasóirí nár éirigh leo;
- (iii) meascán de mhodhanna meastóireachta cainníochtúla agus cáilíochtúla;
- (iv) comhairliúchán le páirtithe leasmhara a mheall 1 818 freagra.

### 2. CÉN TIONCHAR A BHÍ AG AN gCLÁR?

I gcomhréir lena cuspóirí bunúsacha, bhí **Fhís 2020 ríthábhachtach chun sochaí agus gilleagar atá fréamhaithe san eolas agus sa nuálaíocht a chothú**. Bhí ról lárnach aige i **gcistiú breise T&N a shlógadh** agus chuir sí go mór le sprioc an Aontais 3 % den Olltáirgeacht Intéire (OTI) a infheistiú i dtaighde agus forbairt (T&F) faoi 2020. Mar sin féin, níorbh chuimsigh infheistíochtaí Fhís 2020 ach 10 % den chaiteachas poiblí ar T&F san Aontas, agus tháinig formhór an chistithe ó na Ballstáit agus ó chomhlachtaí réigiúnacha. Faoi dheireadh

---

<sup>1</sup> Faoi Airteagal 32(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1291/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena mbunaítear Fhís 2020 - an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (2014-2020), arna chomhlánú le Rialachán 1290/2013 agus le Cinneadh 2013/743 ón gComhairle.

2020, bhí infheistíocht an Aontais i T&F ardaithe go 2,32 % de OTI, méadú 15 % ó seoladh an clár ar dtús (2,02 %).

Chuir an clár borradh freisin faoi **bheartais eile an Aontais** agus bhí sé ríthábhachtach maidir le forbairt agus feidhmiú **an Limistéir Eorpach Taighde (ERA)**. Léirigh sé ábharthacht maidir le freastal ar riachtanais na sochaí, ag léiriú lúfaireachta agus solúbthachta maidir le freagairt d'éigeandálaí amhail ráigeanna Ebola nó COVID-19. Bhí Fís 2020 ríthábhachtach maidir le heolaíocht a bhfuil tionchar aici a tháirgeadh, go háirithe maidir le gníomhaíocht dhomhanda a threorú chun dul i ngleic leis an athrú aeráide. Leagtar béim sa mheastóireacht go bhfuil sé fíor-riachtanach an ghníomhaíocht sin ar thaighde agus nuálaíocht a choinneáil ar bun ar fud na gclár réime ina dhiaidh sin chun na torthaí inmhianaithe a bhaint amach. Is fiú a thabhairt faoi deara go raibh **41 % de thionscadail Fís 2020 fós ar siúl tráth na meastóireachta deiridh**, rud a thugann le fios go mbíonn tionchar leanúnach ag an gclár agus go leanann an tionchar sin de thorthaí a thabhairt.

Spreag meastóireacht eatramhach 2017 **mionchoigeartuithe ar an dara leath den chlár**, lena n-áirítear tionscnaimh chun an eolaíocht oscailte a fheabhsú, comhar idirnáisiúnta a threisiú, agus cur chun feidhme an chlár a shimpliú. Bhí roinnt nuálaíochtaí ann mar thoradh ar an meastóireacht eatramhach freisin, amhail seoladh treoirthionscadail don Chomhairle Nuálaíochta Eorpach do na blianta deiridh d'Fhís 2020 agus tabhairt isteach Misin AE faoin gclár seo a leanas, Fís Eorpach (2021-2027).

## 2.1 TIONCHAR EOLAÍOCH

Dearadh Fís 2020 go straitéiseach chun bunchloch eolaíoch agus teicneolaíochta na hEorpa a neartú trí infheistíocht a dhéanamh in eolas, i scileanna agus i mbonneagar. Tá na hinfeistíochtaí fadtéarmacha sin criticiúil do chumas an Aontais faoi láthair agus sa todhchaí a bheith ar thús cadhnaíochta athruithe dinimiciúla i gcur chun cinn eolaíoch agus teicneolaíochta agus sa timpeallacht shocheanamaíoch a bhíonn ag athrú de shíor, agus a bheith in ann freagairt nó oiriúnú do na hathruithe sin.

**Bhí Fís 2020 ríthábhachtach maidir le dul chun cinn eolaíoch a thiomáint agus i ndáil le ceannródaíocht a dhéanamh ar réimsí nua na heolaíochta agus na teicneolaíochta. I measc na bpríomhshamplaí tá:**

- forbairt **vacsaíní ailse pearsanaithe** turgnamhacha, céim shuntasach chun tosaigh i gcóireáil ailse;
- tacú le forbairt na gcéad vacsaíní in aghaidh **COVID-19**, ag taispeáint lúfaireachta agus freagrúlachta an chlár i leith éigeandálaí sláinte domhanda;
- ag baint úsáide as **intleacht shaorga** chun struchtúr próitéine a thuar, le himpleachtaí doimhne ar fhionnachtain drugaí;
- dul chun cinn i **ndátú DNA ársa**, lena n-áirítear fianaise a fháil ar na chéad *homo sapiens* san Eoraip;
- dul chun cinn in **innealtóireacht cheimiceach, ábhair chomhchodacha** (le feidhmeanna i dteicneolaíochtaí fuinnimh ghlan) agus **meicnic chandamach**;
- an chéad íomhá de **pholl dubh** a ghabháil, éacht suntasach sa réaltfhisic a osclaíonn bealaí nua chun staidéar a dhéanamh ar na réada is mistéireacha sa chruinne.

Thacaigh Fís 2020 le **33 bhuaiteoir Dhuais Nobel**, sular tugadh ómós dóibh nó dá éis, rud a chuir béim ar a ról suntasach maidir le sármhaitheas eolaíoch den scoth a chothú.

D'fheidhmigh an clár níos fearr ná an clár a bhí ann roimhe (FP7) maidir le haschur eolaíoch, mar is léir ón líon **foilseachán eolaíochta**. Tráth na meastóireachta, bhí níos mó ná **276 000 foilseachán piarmheasúnaithe** tuairiscithe ag tairbhíthe, agus tháinig 18 % ó thionscadail a fuair deontais ón gComhairle Eorpach um Thaighde (ERC). Tá coinne leis go n-ardóidh an líon seo fós de réir mar a chríochnófar níos mó tionscadal. Go háirithe, luaitear foilseacháin **Fís 2020 dhá oiread níos mó ná an meán domhanda**, agus tá 3,9 % díobh laistigh den chéad 1 % de na foilseacháin is mó a luaitear ar fud an domhain, rud a sháraíonn feidhmíocht na mór-mhaoinitheoirí idirnáisiúnta, lena n-áirítear Fondúireacht Eolaíochta Náisiúnta na Stát Aontaithe.

**Chuir Fís 2020 go mór le dul chun cinn eolaíoch agus dul chun cinn i réimsí nuaghinte** na heolaíochta agus na teicneolaíochta, go háirithe sna heolaíochtaí leighis, meicnic chandamach, innealtóireacht cheimiceach agus ábhair chomhchodacha. Chumasaigh cistiú do thionscadail thrasnáisiúnta T&N comhar suntasach agus d'fhéadfadh sé nach raibh a leithéid indéanta ina mhalaire de chás. Tá 26 % d'fhoilseacháin uile Fís 2020 nasctha **le réimsí taighde nua atá ag forbairt go tapa**. Leithdháil Fís 2020 breis agus EUR 13 bhilliún ar thionscadail atá ábhartha do theicneolaíochtaí digiteacha atá ag teacht chun cinn, amhail **intleacht shaorga** agus **ríomhaireacht chandamach**.

Bhí **tionchar mór ag an gclár freisin ar scaipeadh an eolais**, le 82 % dá fhoilseacháin ar fáil go héasca agus go poiblí ar líne, rud a léirigh tiomantas láidir do **rochtain oscailte**. Léiríonn an figiúr seo méadú suntasach ó 65 % ag tús an chlár in 2014 agus is figiúr fabhrach é má chuirtear é i gcomparáid le cláir idirnáisiúnta dá samhail. Bhí tionchar ag an treocht maidir le rochtain oscailte a sholáthar ar 19 mBallstát chun beartais chomhchosúla a ghlacadh.

Bhí Fís 2020 ríthábhachtach maidir le **scileanna agus eolas taighdeoirí a éagsúlú agus a fheabhsú**. **D'fheabhsaigh sé a n-ionchais ghairme freisin, rud a chuaigh chun sochair go háirithe do thaighdeoirí luathghairme** amhail anraí gníomhaíochtaí Marie Skłodowska-Curie (MSCA), deontaithe Tosaigh agus Comhdhlúthaithe ERC, deontaithe FET agus comhaltaí sóisearacha foirne a fhaigheann tacaíocht ó thionscadail 'Barr Feabhas a Leathnú agus Rannpháirtíocht a Ardú'. Agus tacaíocht á tabhairt do bheagnach 50 000 taighdeoir i soghluaisteacht thras-earnála agus thras-tíre, tá an clár ar an mbóthar ceart chun a spriocanna maidir le **soghluaisteacht taighdeoirí a bhaint amach**, go príomha trí MSCA. Bhí Erasmus+ agus gníomhaíochtaí Marie Skłodowska-Curie eiseamláireach maidir le sineirgí a dhéanamh idir cláir AE, chun soghluaisteacht, oiliúint agus forbairt gairme a chur chun cinn do mhic léinn agus do thaighdeoirí.

Ina theannta sin, chuir clár Fís 2020 ar a chumas don Aontas **bonneagar taighde ar mhórsála** a fhorbairt agus a uasghrádú ar an leibhéal Eorpach agus ar leibhéal domhanda araon. Fuair breis agus 24 000 taighdeoir agus eagraíocht rochtain ar na bonneagair sin, rud a mhéadaigh deiseanna d'obair chomhoibríoch agus dul chun cinn eolaíoch. D'éascaigh an clár Ceannaireacht i dTeicneolaíochtaí Tionsclaíochta (LEIT) rochtain ar **bhonneagar teicneolaíochta** amhail Moil Eorpacha maidir leis an Nuálaíocht Dhigiteach agus leapacha tástála nuálaíochta oscailte, rud a chuir ar a gcumas do chuideachtaí nuálaíochtaí a thástáil i gcoinníollacha réalaíochta. Forbairt thábhachtach eile ab ea cur in úsáid an bhonneagair choitinn taighde faoin treochlár don Fhóram Straitéiseach Eorpach um Bonneagair Thaighde. Is éachtaí suntasacha iad seo, cé go dtugann an mheastóireacht le fios go bhféadfaí **sineirgí níos mó a dhéanamh idir cláir AE, náisiúnta agus réigiúnacha** do bhonneagar taighde, go háirithe chun a áirithiú go bhfuil a gcuid oibríochtaí inbhuanaithe.

## 2.2 TIONCHAR SOCHAÍOCH

Chuir Fís 2020 le taighde agus nuálaíocht d'fhonn **dul i ngleic le príomhdhúshláin shochaíocha**, lena n-áirítear sláinte, slándáil bia, fuinneamh, iompar, inbhuanaitheacht comhshaoil, gníomhú ar son na haeráide, sochaithe cuimsitheacha agus slándáil. Is suntasach an méid a chuireann an clár leis na dúshláin sin, ní hamháin ó thaobh raon feidhme de ach freisin ó thaobh doimhneachta de, rud a imríonn tionchar ar ghnéithe iolracha na sochaí agus an chomhshaoil dhomhanda.

Sampla maith de sin is ea an ról ríthábhachtach atá ag Fís 2020 maidir **lenár dtuiscint ar an athrú aeráide a chur chun cinn**. Bhí tionchar ag a infheistíochtaí, ag tógáil ar an mbunsraith a leagadh síos ag FP7, agus tháinig 10 % de na foilseacháin eolaíocha uile a luaigh Painéal Idir-Rialtasach na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (IPCC) ón dá chlár seo.

Bhí Fís 2020 ríthábhachtach freisin maidir le tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt **réiteach praiticiúil i ndáil le gníomhú ar son na haeráide**. Sampla iontach is ea an dul chun cinn atá déanta maidir le breoslaí malartacha agus breoslaí astaíochtaí ísle. Chuir obair cheannródaíoch faoi FP7 agus Fís 2020 an tAontas chun tosaigh maidir le cealla breosla hidrigine a thástáil agus a chur in úsáid ar bhusanna, agus tá an nuálaíocht á spreagadh maidir le haerthaisteal íseal-astaíochtaí, lena bhfuil coinne do 2030, mar gheall ar an obair sin.

I dtéarmaí **infheistíochtaí i bhforbairt inbhuanaithe**, sháraigh Fís 2020 a sprioc de 60 %, ag leithdháileadh 64,4 % dá buiséad iomlán ar na tionscnaimh seo. Mar sin féin, d'ainneoin na ranníocaíochtaí suntasacha a rinneadh le gníomhú ar son na haeráide, níor éirigh leis an gclár a sprioc bhuiséadach de 35 % d'ábhair a bhaineann go sonrach leis an aeráid a bhaint amach, ag críochnú le leithdháileadh deiridh de 32 %. Leagann sé seo béim ar a thábhachtaí atá sé go leanfar den fhócas agus den fhaireachán a dhéanamh ar spriocanna comhchosúla faoi Fhís Eorpach chun a áirithiú go mbeidh tionscnaimh sa todhchaí ag teacht níos dlúithe leis na cuspóirí a leagtar síos.

### **Chuir Fís 2020 go mór le tionchair shochaíocha in go leor réimsí, rud a léiríonn a tionchar agus a héifeachtacht fhadréimseach**

- **Eolaíocht aeráide.** Bhí Fís 2020 agus an clár a chuaigh roimhe (FP7) ar an dara soláthraí is mó ar domhan d'eolaíocht aeráide.
- **Taighde sláinte.** Léirigh an clár inoiriúnaitheacht maidir le freagairt do ghéarchéimeanna sláinte atá ag teacht chun cinn. D'fhreagair sé go pras trí ghlaonna sonracha ar thograí a sheoladh le linn eipidéimí Ebola agus Zika, agus léirigh sé lúfaireachta níos mó fós maidir le freagairt don phaindéim COVID-19.
- **Taighde COVID-19.** Aithnítear Fís 2020 agus FP7, i gcomhpháirt, mar an tríú foinse cistithe is minicí a admhaítear ar domhan do thaighde a bhaineann le COVID-19, rud a léiríonn a ról suntasach maidir le taighde agus freagairt i leith paindéimí.
- **Galair neamhchoitianta.** Chistigh an clár taighde chun tuiscint níos doimhne a fháil ar ghalair neamhchoitianta agus chothaigh sé forbairt teiripí gaolmhara, ag cur le dul chun cinn i leigheas pearsantaithe agus i gcúram othar.
- **Iascaireacht inbhuanaithe.** Trí fheabhas a chur ar mhodhanna iascaireachta agus ábhar muirí aischurtha a laghdú, chuir Fís 2020 le cleachtais iascaireachta níos inbhuanaithe, ag cothromú leasanna eacnamaíocha le caomhnú an chomhshaoil.
- **Eangach chliste fuinnimh.** Thacaigh an clár le forbairt eangaí leictreachais cliste Eorpach, ag cistiú tionscadail a dhíríonn ar uathoibriú, lánpháirtiú stórála fuinnimh agus glacadh foinsí in-athnuaite fuinnimh chun cuidiú leis an aistriú i dtreo córais fuinnimh níos inbhuanaithe.

- **Iompar uirbeach.** Bhí ról ag Fís 2020 maidir le hiompar uirbeach a fheabhsú trí thacú le pleananna um shoghluaisteacht uirbeach inbhuanaithe, lena n-áirítear bearta páirceála dea-dheartha agus bonneagar rothaíochta chun cuidiú le hinmharthanacht agus inbhuanaitheacht uirbeach a fheabhsú.
- **Teicneolaíochtaí tionsclaíocha atá dírithe ar an duine.** Thacaigh an clár le forbairt réitigh a thugann aghaidh ar ghnéithe daonna an chlaohlaithe dhigitigh. Áiríodh leis sin, mar shampla, róbataic atá sábháilte agus soláimhsithe a fhorbairt, rud atá fíor-riachtanach i gcomhthéacs méadú a dhéanamh ar ghlacadh na dteicneolaíochtaí digiteacha i monaraíocht.
- **Cultúr agus oidhreacht chultúrtha.** Chuir Fís 2020 feabhas ar inrochtaineacht agus cuimsitheacht spásanna cultúrtha, ag saibhriú eispéiris oidhreachta cultúrtha agus ag tabhairt rochtain do lucht spéise níos leithne.
- **Slándáil.** Chuidigh an clár leis an Eoraip a dhéanamh níos sláine trí thacú le tionscnaimh um chosc na coireachta agus frithsceimhlitheoireachta, trí fhaireachas ar theorainneacha a fheabhsú agus trí athléimneacht ó thubaistí a fheabhsú.

Tá raon leathan dúshlán casta roimh shochar an Aontais, a bhfuil gníomhaíochtaí T&N lena mbaineann disciplíní **na n-eolaíochtaí sóisialta agus na ndaonnachtaí**, amhail an tsocheolaíocht, eacnamaíocht, síceolaíocht, eolaíocht pholaitiúil, stair, agus eolaíochtaí cultúrtha, fíor-riachtanach dóibh. Tá na disciplíní sin ríthábhachtach chun tuiscint níos doimhne a fháil ar shaincheistanna casta sochaíocha agus chun freagairt go héifeachtach dóibh. I gcomparáid le clár a bhí ann roimhe seo, mhéadaigh Fís 2020 go mór an ról atá ag disciplíní sna heolaíochtaí sóisialta agus sna daonnachtaí, agus leithdháileadh breis agus 20 % dá bhuiséad ar ábhair ghaolmhara, fianaise ar a ghealltanais i leith taighde idirdhisciplíneach.

Mar sin féin, léiríodh sa mheastóireacht go raibh leibhéal comhtháthaithe na n-eolaíochtaí sóisialta agus na ndaonnachtaí míchothrom ar fud codanna éagsúla den chlár. Léiríonn sé sin na moltaí le haghaidh feabhsúcháin a tugadh faoi deara sa mheastóireacht eatramhach ar Fhís 2020. Mar fhreagra air sin, rinneadh an clár Fís Eorpach a choigeartú chun bearta nua a thabhairt isteach chun na heolaíochtaí sóisialta agus na daonnachtaí a chomhtháthú ar bhealach níos daingne. Faigheann tograí scóir mheastóireachta níos ísle anois má theipeann orthu disciplíní na n-eolaíochtaí sóisialta agus na ndaonnachtaí a ionchorprú go leordhóthanach nuair a sainithníodh iad a bheith ábhartha.

Príomhdhúshlán eile a sainithníodh faoi Fhís 2020 is ea an **tréimhse ama fhada a theastaíonn do thionscadail chun a dtionchair ar an tsochar a léiriú**, rud a fhágann go mbíonn próisis faireacháin agus mheastóireachta níos casta. Is léir ón taithí go raibh **socrúithe faireacháin róchúng** ó thaobh a raon feidhme de, rud a chuir srian ar an gcumas raon iomlán na dtionchar sochaíoch a ghabháil. Ina theannta sin, fuarthas go raibh dearadh na dtáscairí lag, rud a chuir bac ar mheasúnú éifeachtach na dtorthaí. Chun na heasnamh seo a leigheas, déantar iarrachtaí combheartaithe infhaighteach sonraí a fheabhsú agus an creat faireacháin faoi Fhís Eorpach a fheabhsú.

### 2.3 AN TIONCHAR EACNAMAÍOCH:

Chuir Fís 2020 go suntasach le **geilleagar na hEorpa**, ní hamháin trí **fhostaíocht agus fás aschuir eacnamaíoch** a spreagadh, ach freisin trí **chistí eile a ghíaráil** agus trí **tháirgiúlacht na gcuideachtaí a bhí rannpháirteach a mhéadú**. Tháinig forbairt **na mílte aschuir nuálaíochta dá bharr freisin**. Níl liosta na dtorthaí seo críochnaitheach fós, toisc nach raibh sciar

suntasach de na tionscadail ar thacaigh an clár leo curtha i gcrích go fóill tráth na meastóireachta agus leanann sé ar aghaidh ag tabhairt torthaí.

Anuas ar a buiséad ainmniúil, **chuir Fís 2020 le caiteachas T&F san Eoraip a mhéadú trí chomhinfeistíocht a mhealladh ón earnáil phoiblí agus ón earnáil phríobháideach araon.** I gcás gach euro a caitheadh ó bhuiséad Fís 2020, thug rannpháirtithe an tionscadail EUR 0,23 dá n-acmhainní féin isteach chun na tionscadail a rith. Bhí an clár éifeachtach go háirithe san earnáil phríobháideach le haghaidh brabúis, áit ar infheistigh rannpháirtithe an tionscadail EUR 0,57 breise i gcás gach euro de chistiú Fís 2020. Baineadh an leibhéal is airde gearála airgeadais amach i gcomhpháirtíochtaí Eorpacha: i gcás comhghnóthas, **mhéadaigh ranníocaíochtaí na gcomhpháirtithe príobháideacha le hacmhainní** (in airgead tirim nó i gcomhchineál) **méid an chistithe ón Aontas níos mó ná a dhá oiread nó fiú faoi thrí.**

Ina theannta sin, bhí tionchar dearfach ag deontais Fís 2020 ar **ioncam agus fostaíocht** do chuideachtaí rannpháirteacha, i gcomparáid le gnólachtaí a raibh saintréithe comhchosúla acu nach bhfuair cistiú.

**Ní hamháin gur spreag Fís 2020 dul chun cinn eolaíoch agus teicneolaíochta, ach bhí sí ina tiománaí suntasach den fhás eacnamaíoch freisin.** Tá éifeachtaí eacnamaíocha níos leithne an chláir, arna measúnú trí shamhlacha maicreacnamaíocha, substaintiúil.

- **OTI.** Meastar go gcuirfidh an clár meánmhéadú bliantúil de EUR 15,9 billiún ar OTI an Aontais, méid a chuimsíonn EUR 429 mbilliún san iomlán le linn na tréimhse 2014-2040.
- **Fostaíocht.** Tá coinne leis freisin go mbeidh tionchar suntasach ag Fís 2020 ar chruthú fostaíochta, agus go sroichfidh gnóthachan glan i leibhéal fostaíochta thart ar 220 000 fostaí ag an mbuaicphointe.

Tá éifeachtaí eacnamaíocha fadtéarmacha Fís 2020 faoi réir léirmhínithe éagsúla ag brath ar na toimhdí atá mar bhonn taca faoi shamhlacha maicreacnamaíocha éagsúla. Tugann roinnt samhlacha le tuiscint go bhfuil na héifeachtaí dírithe go príomha ar chéim chur chun feidhme an chláir; léiríonn samhlacha eile go leanfaidh na tairbhí seo ar aghaidh agus go bhféadfadh siad méadú le himeacht ama.

**Bhí tionchar suntasach ag Fís 2020 ar fheidhmíocht eacnamaíoch na ngnólachtaí rannpháirteacha i roinnt príomhréimsí.**

- **Fás fostaíochta:** Tháinig méadú 20 % ar an meán ar fhás fostaíochta i measc gnólachtaí rannpháirteacha i gcomparáid le hiarratasóirí nár éirigh leo.
- **Fás Aschuir:** Chonaic na gnólachtaí sin meánmhéadú de 30 % ar láimhdeachas agus ar fhás iomlán sócmhainní freisin, i gcomparáid, arís, leo siúd nach bhfuair cistiú.
- **Cistiú ón earnáil phríobháideach.** I gcás gach euro a infheistíodh i rannpháirtithe príobháideacha le haghaidh brabúis, ghíaráil an clár EUR 0,57 breise i gcistiú ón earnáil phríobháideach.
- **Infheistíocht i sócmhainní doláimhsithe.** Léirigh gnólachtaí rannpháirteacha claonadh níos airde infheistíocht a dhéanamh i sócmhainní doláimhsithe ná na hiarratasóirí nár éirigh leo.

Chuir Fís 2020 go mór le forbairtí maidir le **cearta maoine intleachtúla (CMI)**, agus dhearbhaigh na tairbhíthe gar do 4 000 iarratas CMI, trí cheathrú díobh sin le haghaidh paitinní, agus 12 % ina dhiaidh sin le haghaidh trádmharcanna. I bhfianaise an phróisis phaitinnithe a bhíonn fada go minic, tá coinne leis go dtiocfaidh méadú suntasach ar fhigiúirí CMI Fís 2020 fiú tar éis don chlár críochnú. Tá sé léirithe ag anailís fhadtéarmach go sáraíonn paitinní a eascraíonn as FP7 ní hamháin an meánluach domhanda i luach eacnamaíoch ach go bhfuil claonadh soiléir acu freisin a bheith idirdhisciplíneach. Ina theannta sin, chuir thart ar 40 % de na paitinní a bhí féin-dhearbhaithe ag rannpháirtithe na coda den chlár Ceannaireacht i dTeicneolaíochtaí Cumasúcháin agus Tionsclaíochta (LEIT) le príomhtheicneolaíochtaí cumasúcháin, lena n-áirítear fótónaic, agus le micrea- agus nanaileictreonaic. Chruthaigh colún na nDúshlán Sochaíoch thart ar 20 % de na nuálaíochtaí uile faoi Fhís 2020 agus tá rannchuidiú 31 % déanta ag an gcóilín um Eolaíocht den Scoth, cé gur ar leibhéal níos ísle ullmhachta teicneolaíochta den chuid is mó.

Tugann Radar Nuálaíochta na Físe, uirlis chun nuálaíocht ardacmhainneachta a shainaithint sa chlár, le tuiscint gur chistigh Fís 2020 **nuálaíochtaí teicneolaíochta a d'fhéadfadh a bheith ceannródaíoch.** Tháinig na nuálaíochtaí is réidh don mhargadh chun cinn ón gcóilín Ceannaireacht Thionsclaíoch, go háirithe faoi thionscadail LEIT. Léirigh na tionscadail sin claonadh níos airde do nuálaíochtaí atá réidh don mhargadh, go háirithe i réimsí amhail teicneolaíochtaí digiteacha atá ag teacht chun cinn, ríomhaireacht ardfheidhmíochta agus ardábhair.

Sainaithníodh sa mheastóireacht eatramhach ar Fhís 2020 go raibh bearna shuntasach i gcaipiteal fiontair agus fáis san Aontas chun an nuálaíocht a mhéadú. Chun cuidiú leis an



mbearna sin a líonadh, cuireadh tús le treoirhionscadal chun an Chomhairle Nuálaíochta Eorpach (CNE) a reáchtáil le 3 bliana anuas d'Fhís 2020. Léiríonn na táscairí luatha go raibh **tionchar dearfach ag an treoirhionscadal CNE ar láimhdeachas agus ar leibhéal foirne a thairbhíthe**. Chuaigh sé i ngleic freisin le **bearna criticiúil cistithe** i réimsí ardriosca ina bhfuil roghanna malartacha teoranta ar fáil ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach. I gcomparáid le tíortha a bhfuil struchtúir thacaíochta comhchosúla acu, seasann CNE amach mar an t-aon tionscnamh a thairgeann a dhóthain fairsinge agus cistithe chun tacú le cuideachtaí domhain-theicneolaíochta.

Léirigh eagraíochtaí cistithe ag an gclár acmhainneacht níos airde níos mó caipitil riosca a **mhealladh ná iarratasóirí** neamh-chistithe, cé go mbíonn éagsúlacht sna meastacháin. Go sonrach, d'éirigh le fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) a bhí rannpháirteach i gcuid LEIT den chlár **infheistíochtaí cothromais a tharraingt ceithre huair níos airde** ná ranniocaíocht an Aontais a fuair siad. D'éirigh le saoráid airgeadais **InnovFin**, arna bainistiú ag grúpa an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta agus arna tacú ag EUR 3,7 billiún de chistiú Fís 2020, maoiniú príobháideach a shlógadh do ghnólachtaí nuathionscanta nuálacha agus gníomhaithe éiceachórais eile san Eoraip. Ghíaráil sí EUR 77,5 billiún i bhfiachas agus i gcothromas do bhreis agus 38 000 eagraíocht, a bhí i bhfad níos airde ná a spriocanna, agus chothaigh sí forbairt éiceachórais agus líonraí caipitil fiontair.

Cé go ndearna Fís 2020 dul chun cinn maidir leis **an mbearna idir taighde Eorpach ardcháilíochta agus nuálaíocht mhargaidh a líonadh**, níor dhún sí go hiomlán an bearna fhadtéarmach seo. Tugann bearta a rianaíonn leathadh na nuálaíochta le tuiscint gur fheabhsaigh an tAontas a fheidhmíocht le linn thréimhse cur chun feidhme Fís 2020 ach go bhfuil sé fós taobh thiar dá phríomh-iomaitheoirí idirnáisiúnta i ndáil leis an ngné seo. Rinne Fís Eorpach, go háirithe trí CNE, athnuachan ar an iarracht chun nuálaíochtaí a thabhairt chuig an margadh.

### 3. CÉ A BHAIN LEAS AS CISTIÚ AN CHLÁIR?

Bhí tionchar suntasach ag Fís 2020 ar an tírdhreach taighde agus nuálaíochta, rud a chuaigh chun sochair do **raon éagsúil rannpháirtithe**, idir eolaithe agus taighdeoirí a oibríonn in institiúidí ardoideachais agus eagraíochtaí taighde agus eintitis phríobháideacha le haghaidh brabúis amhail gnólachtaí beaga agus móra.

Sheol an clár breis agus 1 000 glao ar thograí, rud a mheall breis agus 285 000 togra tionscadail incháilithe – dhá oiread an líon a fuair an clár a bhí ann roimhe, FP7. Cuireann an borradh spéise seo i dtábhacht meallacht agus ábharthacht an chlár. Mar sin féin, níor cistíodh ach 35 426 tionscadal, rud a d'fhág go raibh ráta ratha foriomlán de 12 %. Go háirithe, níorbh fhéidir 74 % de na tograí a mheas saineolaithe neamhspleácha mar thograí ardcháilíochta a chistiú mar gheall ar shrianta buiséid. **Bheadh EUR 159 mbilliún breise ag teastáil ó Fhís 2020**, le buiséad de EUR 75,6 billiún, **chun gach togra ardcháilíochta a chistiú**.

Chun deis níos fearr a thabhairt do na tograí sármhaithe neamh-chistithe tacaíocht a fháil ar an leibhéal náisiúnta nó réigiúnach, fuair **20 890 de bheagnach 100 000 togra ardcháilíochta nár roghnaíodh le haghaidh cistithe deimhniú um Séala Sármhaitheasa**. Cé nach raibh sé infheidhme ach amháin maidir le tograí MSCA nó CNE ar dtús, leathnaíodh an lipéad cáilíochta AE seo níos déanaí faoi Fhís Eorpach chuig codanna eile den chlár. Léirigh anailís ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa go bhfuair 26 % de thograí Ionstraime FBM a fuair an Séala sin cistiú ina dhiaidh sin faoi Chistí Struchtúracha na hEorpa i dtír thír. Mar sin féin, sainaitníodh easpa rochtana na mBallstát ar fhaisnéis faoi thograí arna mbronnadh le Séalaí Sármhaitheasa mar bhacainn ar a dtionchar a uasmhéadú.

I dtéarmaí dáileadh cistithe, chuimsigh **tionscadail chomhoibríocha** 78 % den chistiú, lenar bhain 11 rannpháirtí ar an meán i mbeagnach 15 000 tionscadal. Chuimsigh **deontais tairbhí aonair** 22 % den chistiú ach 59 % de na deontais ar fad, go príomha d'ionstraim ERC, MSCA agus FBM. Mhéadaigh an **meánmhéid deontais** faoi Fhís 2020 go EUR 2,3 milliún ó EUR 1,8 milliún faoi FP7, ar méadú i dtéarmaí réadacha freisin é.

Maidir le **cineálacha tairbhíthe**, fuair institiúidí ardoideachais an sciar ba mhó den chistiú (40 %), agus eagraíochtaí príobháideacha le haghaidh brabúis (28 %) agus eagraíochtaí taighde (25 %) ina dhiaidh sin. Fuair FBManna 17 % den chistiú, a chuimsigh EUR 11,4 billiún. **Fuair institiúidí ardoideachais agus eagraíochtaí taighde seanbhunaithe sciar ard den chistiú, rud a léirigh leibhéal comhchruinnithe**, ach níos lú ná faoi FP7. Fuair na 100 tairbhí is fearr 32 % de chistí (i gcomparáid le 34 % faoi FP7). Mar sin féin, **mheall an clár núiosaigh freisin** (eagraíochtaí nár ghlac páirt in FP7), go háirithe eintitis phríobháideacha le haghaidh brabúis níos lú. Fuair núiosaigh 19 % de chistí Fís 2020, méadú go 50 % mura n-áiríonn tú ach cistiú do chuideachtaí príobháideacha ar fud an chláir. I gcás comhghnóthas, chuaigh 19 % den chistiú ar fad chuig núiosaigh.

Tháinig feabhas ar **chomhionannas inscne** faoi Fhís 2020, le sciar na mban sna painéil mheastóireachta ag baint amach 42 %, os cionn na sprice de 40 %. Mar sin féin, d'fhan sciar na mban ar phainéil chomhairleacha eolaíoch agus mar thaighdeoirí i dtionscadail faoi bhun na sprice de 50 %, ag 43 % agus 23 % faoi seach. Mar fhreagra air sin, coigeartaíodh Fís Eorpach chun gné na hinscne a lánpháirtíú ar fud an chláir ar fad.

Tá tarraingt dhomhanda an chláir soiléir ó scaipeadh na n-iarratas ó **177 dtír**. Níor chuaigh leath den chistiú ar fad ach chuig ceithre thír (an Ghearmáin, an Ríocht Aontaithe, an Fhrainc agus an Spáinn). Mar sin féin, bhí feidhmíocht shuntasach ag tíortha níos lú amhail an Eastóin, an Ghréig, an Chipir agus an Laitvia agus iad ag cur cistiú Fís 2020 i gcomparáid lena n-ollchaiteachas intíre ar T&F.

Fuair **tíortha a thagann faoin bhfairsingiú** sciar de 8 % de ranníocaíocht iomlán an Aontais, ardú beagán ó FP7. Cé go bhfuil cuma measartha air seo, méadaigh na tíortha seo uile seachas dhá cheann a rannpháirtíocht sa chlár. Sainithníodh sa mheastóireacht go leor **dúshlán do na tíortha seo**, lena n-áirítear cumas teoranta tionscadail T&N idirnáisiúnta a bhainistiú, imirce daoine oilte, córais tacaíochta náisiúnta laga agus infhaighteacht roghanna malartacha cistithe. Mar fhreagra air sin, tháinig méadú faoi thrí ar an mbuiséad d'Fhís Eorpach chun rannpháirtíocht tíortha a leathnú go 3 % agus tugadh isteach roinnt beart chun a rannpháirtíocht a fheabhsú, lena n-áirítear córas na bPointe Teagmhála Náisiúnta a neartú agus réamhsheiceálacha tograí agus deontais um 'chúrsaíocht inchinn' a thairiscint.

#### 4. CÉN LUACH A BHÍ AG AN gCLÁR DON AONTAS?

Chuir Fís 2020 go mór le raon feidhme agus le cáilíocht an taighde agus na nuálaíochta san Eoraip, **agus baineadh amach tionchair a théann i bhfad thar an méid a d'fhéadfaí a bhaint amach ar an leibhéal náisiúnta nó réigiúnach**. Thacaigh sé le gníomhaíochtaí T&N ar scála níos mó, níos casta agus níos uailmhianaí ná mar a bheadh indéanta gan tacaíocht ón Aontas. Chuir sé dlús le forbairt réiteach ar dhúshláin dhomhanda phráinneacha trí iarrachtaí agus acmhainní ó gach cearn den Eoraip a chomhthiomsú. Bhí sé seo soiléir ón ndeacracht a bhí roimh iarratasóirí nár éirigh leo, roinnt mhaith acu nach raibh in ann a dtionscadail a chur chun feidhme nó a raibh orthu modhnuithe suntasacha a dhéanamh, go príomha mar gheall ar an easpa foinsí cistithe malartacha ar leibhéal náisiúnta nó réigiúnach.

Ceann de phríomhláidreachtaí Fís 2020 ba ea a **comhar ildisciplíneach agus comhar uile-Eorpach ar T&N**. Bhí an cur chuige seo éifeachtach maidir le saineolas, scileanna agus

acmhainní ó thíortha iolracha a chomhdhlúthú, **ag cruthú mais chriticiúil chun cáilíocht aschuir taighde agus nuálaíochta a ardú.** Chuir nádúr iomaíoch an phróisis chistithe ar fud an Aontais feabhas breise ar cháilíocht, ag áirithiú go ndearnadh taighde i réimsí a bhfuil baint shuntasach acu le sochaí na hEorpa.

Mar atá sonraithe sa roinn ar an tionchar eacnamaíoch, d'éirigh leis an gclár cistiú príobháideach agus poiblí a ghíaráil le haghaidh T&N. Meastar go dtiocfaidh **cúig euro de shochair do shaoránaigh den Aontas faoi 2040 le gach euro a infheistítear i bhFís 2020.** Chuidigh an infheistíocht sin le méadú ar an gcéatadán de OTI a leithdháiltear ar T&F, rud a rinne an Limistéar Eorpach Taighde a chomhdhlúthú tuilleadh.

Is léir an luach fadtéarmach a bhaineann le hinfeistíocht a dhéanamh i dtaighde agus nuálaíocht trí chlár réime ar leibhéal an Aontais chun an bunsraith eolaíoch agus theicneolaíoch is gá a leagan síos d'ullmhacht agus d'uathriaíl straitéiseach an Aontais amach anseo chun freagairt ar ghéarchéimeanna. Bhí sé seo le feiceáil go háirithe i **bhfreagairt thapa agus éifeachtach an chláir ar ráig COVID-19**, a bhfuil infheistíochtaí fadtéarmacha i dtaighde mRNA mar bhonn taca fúthu.

## 5. CÉ CHOMH ÉIFEACTHÚIL AGUS A BHÍ FÍS 2020?

Tá **luach substaintiúil ar airgead léirithe ag Fís 2020 do shocháil na hEorpa.** I dtéarmaí tionchair eacnamaíoch, i gcás gach euro a chaitear ar an gclár (i gcostais an chláir agus i gcostais d'iarratasóirí), meastar go dtabharfaidh sí tuairim is cúig euro mar shochair do shaoránaigh den Aontas, arna thomhas trína thionchar ar OTI, go dtí an bhliain 2040.

Bhí roinnt beart simpliúcháin **éifeachtach chun an t-ualach riaracháin ar iarratasóirí agus ar thairbhíthe a laghdú.** I measc na bhfeabhsuithe suntasacha tá úsáid ríomhshínithe agus an comhaontú deontais samplach anótáilte. Chuidigh na hathruithe seo le dlús a chur leis an bpróiseas chun deontais a dhámhachtain, agus chuir siad feabhas ar rátaí earráide agus caiteachas riaracháin, a d'fheidhmigh go maith in aghaidh tagarmharcanna. Ar na príomhthosca tacaíochta a luadh bhí an sreabhadh oibre leictreonach nua um bainistíocht deontais agus an deireadh leis an gcéim idirbheartaíochta. Mar sin féin, tugtar le tuiscint sa mheastóireacht go bhféadfadh sé nach mbeadh gá leis an sprioc maidir le ham chun deontas a thabhairt a dhéanamh níos géire mar go bhféadfadh sé rioscaí earráide airgeadais a mhéadú gan chuimhneamh.

**Ba feabhas suntasach í Fís 2020 ar éifeachtúlacht na próiseála deontais i gcomparáid lena réamhtheachtaí, FP7:**

- **síníodh 90 % de na deontais in am**, méadú substaintiúil ón ráta 41 % faoi FP7.
- **thit an mheántréimhse ama chun deontas a thabhairt go 187 lá** (gan deontais ERC a áireamh) ó 313 lá faoi FP7. Is éard atá i gceist leis sin do riarachán an Aontais am agus costais a shábháil ar scála mór agus chuaigh sé chun tairbhe na n-iarratasóirí, a cuireadh ar an eolas níos luaithe agus a bhí in ann tús a chur lena dtionscadail ar dháta níos luaithe.

D'ainneoin na dul chun cinn seo, ní thugann an mheastóireacht léargas dearfach ar **ráta earráide an chláir** ar an iomlán. Chuir Cúirt Iniúchóirí na hEorpa in iúl, go háirithe maidir le caiteachas oibríochtúil agus costais phearsanra, go bhfuil leibhéal na hearráide ard i gcónaí agus gur minic gur féidir é sin a sheachaint.

Ag féachaint romhainn, tá **raon feidhme ann chun éifeachtúlacht** chlár réime an Aontais a fheabhsú. Tá sé curtha in iúl ag roinnt mhaith páirtithe leasmhara go bhfuil gá le níos mó

iarrachta chun páirt a ghlacadh i bhFís 2020 ná mar a dhéantar i gcás cláir chistiúcháin eile um thaighde agus nuálaíochta. Tá sé seo suntasach i bhfianaise ráta ratha réasúnta íseal an chláir, toisc go gciallaíonn sé go bhfuil glanachailteanas do shochaí an Aontais i gceist le sciar suntasach den chostas iarratais. Tá cumas láidir ag aon bheart éifeachtach a laghdaíonn na costais sin éifeachtúlacht an chláir a fheabhsú.

## 6. CONCLUÍDÍ AGUS CEACHTANNA A FOGHLAIMÍODH

Baintear de thátal as an meastóireacht gur **rannchuidigh Fís 2020 go suntasach le sochaí agus gilleagar AE atá fréamhaithe san eolas agus sa nuálaíocht a thógáil**. Trí chistiú breise T&N a ghairáil, thacaigh sí ní hamháin le cur chun feidhme bheartais eile an Aontais ach bhí ról ríthábhachtach aici freisin maidir leis an Limistéar Eorpach Taighde a bhaint amach agus a choinneáil ar bun. Ba léir go raibh Fís 2020 **ábhartha do riachtanais na sochaí** óna **freagairt thapa agus sholúbtha ar chásanna éigeandála** amhail ráigeanna Ebola agus COVID-19, agus ina ról ceannasach i ndáil le hiarrachtaí domhanda chun dul i ngleic leis an athrú aeráide. Leagann an mheastóireacht béim ar an ngá atá le gníomhaíocht a choinneáil ar fud na gclár réime iolracha chun na torthaí seo a bhaint amach.

Cé gur bhain Fís 2020 **roinnt dá spriocanna nó dá príomhtháscairí feidhmíochta amach, níor bhain sí gach ceann díobh amach**. Is féidir an rath páirteach seo a chur i leith nádúr dúchasach infheistíochtaí T&N, a éilíonn go minic tréimhse fhada chun torthaí inúsáidte a bhaint amach. Tá roinnt mhaith tionscadal fós ar siúl agus bhí easnaimh freisin i socrú tosaigh tháscairí an chláir. D'ainneoin na ndúshlán sin, deimhníonn an mheastóireacht go bhfuil **luach ard ag baint leis na torthaí a tháirgtear le cistiú Fís 2020**.

Mar thoradh ar an meastóireacht eatramhach ar Fhís 2020, rinneadh roinnt coigeartuithe suntasacha sa dara leath den chlár. Bhí toradh ar bhearta nua chun an eolaíocht oscailte a mhéadú agus coinníodh leibhéal na rannpháirtíochta idirnáisiúnta ar bun. Rinneadh tuilleadh feabhsuithe a thabhairt ar aghaidh agus a atreisiú faoi Fhís Eorpach, amhail rannpháirtíocht na mban a chur chun cinn, lánpháirtiú níos fearr a dhéanamh ar na heolaíochtaí sóisialta agus na daonnachtaí agus an t-ualach riaracháin a laghdú. Ina theannta sin, rinneadh athbhreithniú ar an gcreat faireacháin agus meastóireachta chun an tionchar a rianú ar bhealach níos fearr le himeacht ama. Déanfar iniúchadh géar ar éifeachtacht na mbeart sin sa mheastóireacht eatramhach ar Fhís Eorpach.

Chuir an measúnú deiridh seo ar Fhís 2020 i dtábhacht roinnt príomhréimsí le haghaidh tuilleadh feabhais, ag soláthar léargas a chuirfidh le feabhsuithe amach anseo.

- **Rannpháirtíocht a leathnú.** Tá raon feidhme ann chun rannpháirtíocht sa chlár a leathnú. Is éard a bheadh i gceist leis dul i dteagmháil le gníomhaithe neamhthraidisiúnta ó earnálacha, disciplíní eolaíocha agus tíortha éagsúla. Cé gur féidir le hathchóirithe náisiúnta ar chórais T&N tionchar a imirt ar ullmhacht do rannpháirtíocht tionscadal ar leibhéal Eorpach, is féidir an clár féin a fheabhsú trí shimpliú, infheictheacht agus inrochtaineacht níos fearr.
- **Tá gá le tuilleadh simplithe.** Féadfaidh an clár tairbhígh d'úsáid spriocdhírthe den phróiseas iarratais dhá chéim, go háirithe i réimsí ina bhfuil rátaí ratha ísle agus líon ard iarratasóirí nach n-éiríonn leo. Dá leathnófaí úsáid na scéime deimhniúcháin Séala Sármaidheasa, d'fhéadfaí níos mó feidhmchlár a athúsáid do chláir eile freisin, rud a laghdódh iarracht a théann amú. D'fhéadfaí tuilleadh simplithe a dhéanamh freisin maidir le húsáid cistithe cnapshuime ar a ndéantar faireachán, chomh maith le feabhas a chur ar fhor-rochtain, ar scaipeadh faisnéise agus ar thaithí an úsáideora ar uirlisí clár.

- **Scaipeadh, saothrú agus cur in úsáid torthaí.** Bhí an próiseas maidir le torthaí tionscadail a scaipeadh, a shaothrú agus a chur in úsáid míchothrom agus tá gá le níos mó airde. Spreagann Fís Eorpach d'iarratasóirí machnamh níos fearr a dhéanamh ar an gconair sin chun tionchar níos mó a bheith acu ina n-iarratais. Tá gá le feabhsuithe freisin chun infheictheacht, scaipeadh agus úsáid phraiticiúil thorthaí an tionscadail a áirithiú chun tairbhí eacnamaíocha agus sochaíocha níos leithne a bhaint amach.
- **Tacú le mná i réimse an taighde agus na nuálaíochta.** D'ainneoin iarrachtaí, is dúshlán fós é cothromaíocht inscne a bhaint amach sa taighde, san fhiontraíocht agus sa nuálaíocht. Tá gá le bearta níos láidre chun tacú le taighdeoirí, le fiontraithe agus le nuálaithe ban ar fud na hEorpa nó laistigh den chlár réime araon.
- **Tuilleadh sineirgí a dhíghlasáil le tionscnaimh eile.** D'fhéadfaí sineirgí le tionscnaimh eile de chuid an Aontais, náisiúnta agus réigiúnacha a neartú, go háirithe chun tacú le glacadh agus le húsáid thorthaí na dtionscadal. Áirítear leis sin ailíniú níos fearr chun oibriú rianúil bonneagar taighde a áirithiú.

## **7. NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE**

Tá ról ríthábhachtach ag na léargais agus na príomhchonclúidí a baineadh as an meastóireacht dheireanach seo ar Fhís 2020, ní hamháin maidir le cur chun feidhme leanúnach Fís Eorpach a mhúnlú, ach freisin maidir le tionchar a imirt ar fhorbairt beartais do thionscnaimh thaighde agus nuálaíochta amach anseo. Áiritheofar leis sin go ndéanfar na ceachtanna a foghlaimíodh ó Fhís 2020 a lánpháirtiú go héifeachtach i gcláir reatha agus amach anseo chun a n-éifeachtúlacht, a n-ábharthacht agus a dtionchar ar Eorpaigh a fheabhsú tuilleadh.